

# Eleathanach 355

Dé Luain an 15 Meitheamh 2020

## Scoil Raifteirí

Tá Eleathanach á scríobh ag Rang 5, Scoil Raifteirí, Caisleán an Bharraigh i gContae Mhaigh Eo.

Fuaireamar nuacht an tseachtain seo ó na daltaí seo: Sadhbh, Victoria, Meisha, Fiachra, Síle, Aisling, Rían, Stiofán, Elly, Maitiú agus Caoimhín.

Scríobh siad ailt spéisiúla faoi ábhair éagsúla mar shampla; madraí, coróinvíreas, pongainí, Rosa Parks, an Spáinn, treodóireacht agus cadhcáil.

Tá Gaeilge bhreá ag na daltaí scoile. Maith sibh, a dhaltaí!



**Eleathanach  
Scoil Raifteirí**  
Meitheamh 2020



Seachain soip phlaisteacha!

## Lá Domhanda na nAigéan

Bhí Lá Domhanda na nAigéan ar siúl an tseachtain seo caite, an 8 Meitheamh 2020. Is féidir leat níos mó eolais a fháil ag an suíomh seo

<https://unworldoceansday.org/page/home>



Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl ar fud an domhain ar Lá Domhanda na nAigéan. Bhí gach duine ag ceiliúradh na n-aigéan. Bhí eolas ann freisin faoi conas is féidir linn na haigéin a shábháil ó thruailliú.

1. Seachain soip phlaisteacha

2. Glan suas an trá is cóngaraí duit

3. Léigh na moltaí anseo ó *National Geographic*.

<https://www.nationalgeographic.com/environment/oceans/take-action/10-things-you-can-do-to-save-the-ocean/>



## Laura Whitmore

Is breá le Laura Whitmore TikTok. Bíonn sí ag damhsa lena buachaill cara, Iain Sterling, go minic. Chuir sí físeán nua ar TikTok Déardaoin seo caite. Is breá le Laura bheith ag damhsa!

D'oibrigh Laura ar chlár éagsúla cosúil le *MTV News*, *I'm a Celebrity... Get Me Out Of Here NOW!*, *Love Island*, agus *Survival of the Fittest*.

Is as Bré i gCo Chill Mhantáin di. Tá cónaí uirthi anois i Londain.